Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 27 Deireadh Fómhair 2021
(OR. en)

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2021/0278 (NLE)**

**12692/21**
**COR 1**

**PECHE 358**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | RIALACHÁN ÓN gCOMHAIRLE lena socraítear le haghaidh 2022 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe agus grúpaí stoc éisc is infheidhme i Muir Bhailt agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/92 a mhéid a bhaineann le deiseanna iascaireachta áirithe in uiscí eile |

Ar leathanach 13, aithris 18:

In ionad:

"(18) Is ón 1 Samhain go dtí an 31 Deireadh Fómhair a mhaireann an bhliain iascaireachta don trosc Ioruach i Roinn 3a ICES agus in uiscí an Aontais de Roinn 2a agus i bhfolimistéar 4 ICES. Chun go bhféadfar tús a chur leis an iascach an 1 Samhain 2021 agus ar bhonn na comhairle eolaíche nua agus tar éis dul i gcomhairle leis an Ríocht Aontaithe, is gá réamh-TAC a shocrú don trosc Ioruach i roinn 3a ICES agus in uiscí an Aontais de roinn 2a ICES agus d'fholimistéar 4 ICES don tréimhse ón 1 Samhain 2021 go dtí an 31 Nollaig 2021. Ba cheart an TAC tosaigh sin a shocrú i gcomhréir leis an gcomhairle ó ICES a foilsíodh an 8 Deireadh Fómhair 2021.",

Léitear:

"(18) Is ón 1 Samhain go dtí an 31 Deireadh Fómhair a mhaireann an bhliain iascaireachta don trosc Ioruach i Roinn 3a ICES agus in uiscí na Ríochta Aontaithe i roinn 2a ICES agus in uiscí na Ríochta Aontaithe agus an Aontais i bhfolimistéar 4 ICES. Chun go bhféadfar tús a chur leis an iascach an 1 Samhain 2021 agus ar bhonn na comhairle eolaíche nua agus tar éis dul i gcomhairle leis an Ríocht Aontaithe, is gá réamh-TAC a shocrú don trosc Ioruach i roinn 3a ICES agus in uiscí na Ríochta Aontaithe i roinn 2a ICES agus in uiscí na Ríochta Aontaithe agus an Aontais i bhfolimistéar 4 ICES don tréimhse ón 1 Samhain 2021 go dtí an 31 Nollaig 2021. Ba cheart an TAC tosaigh sin a shocrú i gcomhréir leis an gcomhairle ó ICES a foilsíodh an 8 Deireadh Fómhair 2021.".